

An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

**Scéim Teanga 2017 - 2020
Faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

1 CAIBIDIL 1

1.1 *Réamhrá agus Cúlra*

1.2 *Ullmhú agus Ábhar na Scéime*

1.3 *Dáta Tosaithe na Scéime Teanga*

2. Forbhreathnú ar an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

2.1 *Réamhrá*

2.2 *Custaiméirí agus Cliaint*

2.3 *Struchtúr na Gníomhaireachta*

3. Measúnú ar a mhéid atá seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge cheana féin

3.1 *Doiciméid/seirbhísí nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge*

4. Feabhas a Chur ar na Seirbhísí a Chuirfear ar Fáil go Dátheangach

4.1 *Comhfhreagras*

4.2 *An Suíomh Gréasáin agus an Córas Ríomhphoist*

4.3 *Foilseacháin*

4.4 *Córais TF*

4.5 *Modhanna chun Cumarsáid a Dhéanamh leis an bPobal*

4.6 *Earcaíocht agus Soláthar Foirne*

5. Feabhas a Chur ar Acmhainn Gaeilge na Gníomhaireachta

5.1 *An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú*

CAIBIDIL 1

1.1 Réamhrá agus Cúlra

D'iarr an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ar Phríomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (“an Gníomhaireacht”) scéim a ullmhú faoi alt 15 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (“an tAcht”). Ceanglaítear le halt 11 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina sonrú na seirbhísí a sholáthróidh siad

- trí mheán na Gaeilge amháin,
- trí mheán an Bhéarla amháin, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

agus na bearta a ghlacfar chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhísí nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh d’amscála comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanfaidh scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, cibé acu is déanaí.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Is é seo an dara scéim teanga ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Tá an Gníomhaireacht á treorú ag an bprionsabal gur cheart soláthar na seirbhísí Gaeilge a bheith bunaithe ar raon tosca éagsúla, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- an leibhéal éilimh ar sheirbhísí Gaeilge;
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge; agus
- Na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais, agus an cumas atá ag an nGníomhaireacht an inniúlacht riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain chun seirbhísí Gaeilge a sholáthar.

De réir na dTreoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi alt 12 den Acht, thug an Gníomhaireacht faoi phróiseas comhairliúcháin in éineacht lenár gcustaiméirí, lena n-áirítear iad sin a fhaigheann ár seirbhísí go díreach nó go hindíreach. Ag gníomhú di faoi alt 13 den Acht, d’fhoilsigh an Gníomhaireacht fógra dátheangach ar an suíomh Gréasáin Tuairisc.ie freisin. Bhí an fógra sin ar taispeánt ar an suíomh idir an 29 Meitheamh agus an 14 Iúil. Iarradh san fhógra aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara maidir le hullmhú na dréachtscéime faoi alt 11.

Scéim na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla

Chomh maith leis sin, reáchtáladh suirbhé inmheánach chun an leibhéal inniúlachta i nGaeilge laistigh den Ghníomhaireacht a dhearbhú.

1.3 *Dáta Tosaithe na Scéime Teanga*

Tá an scéim seo daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tháinig an scéim i bhfeidhm le héifeacht ó 09 Deireadh Fómhair 2017. Fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire de bhun alt 15, cibé acu is déanaí.

2 Forbheathnú ar an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

2.1 Réamhrá

Gníomhaireacht stáit is ea an Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (www.lgma.ie). Bunaíodh sa bhliain 2012 í tar éis an Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMSB) agus an Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil (LGCSB) a chumasc. Ghlac sí feidhmeanna na Comhairle Leabharlanna a bhí ann roimhe sin freisin.

Tríd is tríd, is iad na hÚdaráis Áitiúla a chistíonn obair na Gníomhaireachta. Feidhmíonn sí san earnáil rialtais áitiúil, agus í ag tabhairt tuairisc ar fheidhmíocht de réir mar a éilíonn a máthair-roinn - is é sin, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil - uirthi déanamh amhlaidh.

Féachann an Gníomhaireacht le freastal ar na riachtanais atá ag Údaráis Áitiúla agus ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir leis an gclár oibre um athchóiriú na hearnála poiblí a sholáthar san earnáil rialtais áitiúil (go háirithe ó thaobh cineálacha earnála cur chuige i leith soláthar seirbhíse), taighde a dhéanamh ar shaincheisteanna atá sainaitheanta agus atá ag teacht chun cinn, cúnamh a thabhairt d'Údaráis Áitiúla athrú a chur chun feidhme agus a thomhas, agus tacaíocht ghinearálta a thabhairt don earnáil rialtais áitiúil feabhas a chur ar a feidhmíocht.

2.2 Custaiméirí agus Cliant

Cuimsíonn an Rialtas Áitiúil in Éirinn 31 cheann de chontaetha/chathracha ina bhfuil 114 eagraíocht neamhspleácha san iomlán. Feidhmíonn sé de réir creat dlíthiúil arna shainiú go príomha ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Tá athrú ollmhór tagtha le 35 bliana anuas ar an teicneolaíocht agus ar an mbonneagar atá i bhfeidhm laistigh den earnáil ina bhfeidhmíonn an Gníomhaireacht.

Ina theannta sin, bíonn athruithe á mbrú chun cinn níos tapa ná riamh mar gheall ar thosca seachtracha amhail an mórchlár oibre Ríomhrialtais atá ar bun in Éirinn agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh araon. Is é an toradh atá ar an ré nua sin gur gá dúinn athmhachnamh a dhéanamh ar na bealaí inar féidir le hearnáil poiblí níos fearr cur go dearfach lenár saol. Áirítear leo sin soláthar seirbhíse do shaoránaigh agus don lucht gnó, bearta éifeachtúlachta agus éifeachtachta sa dóigh a n-úsáidtear acmhainní poiblí, agus rannpháirtíocht na saoránach i bpróiseas daonlathach an rialtais chun a gcuidiú agus a gcumhachtú a chinntiú.

Beidh cur chun feidhme leanúnach Phlean Straitéiseach na Gníomhaireachta ag brath ar an gcomhpháirtíocht uathúil atá ar bun idir an Gníomhaireacht agus na hÚdaráis Áitiúla ar gach gné d'fhorbairt straitéisí, rud a bheidh bunaithe ar mhiontuiscint chomhroinnte a chinnteoidh go mbeidh an Gníomhaireacht ar an eolas go hiomlán ar shaincheisteanna lena mbaineann tábhacht straitéiseach do na hÚdaráis Áitiúla agus go ndíreoidh sí go hiomlán ar na saincheisteanna sin.

Scéim na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla

2.3 Struchtúr na Gníomhaireachta

Tá struchtúr na heagraíochta bunaithe ar shraith gnéithe comhlántacha atá fite fuaite ina chéile. Tá na gnéithe sin roinnte ina sé phríomhréimse gníomhaíochta straitéisí, is iad sin:

- *Cabhrú leis na hÚdaráis Áitiúla seirbhísí comhroinnte sainithe a ullmhú agus a bhunú don earnáil*
- *Ceannaireacht, tacaíocht agus comhairle a sholáthar maidir leis na nithe seo a leanas: straitéis agus beartas acmhainní daonna; oiliúint agus forbairt; sláinte agus sábháilteacht; bainistíocht an athraithe; cosaint leanaí; comhionannas; comhpháirtíocht san ionad oibre; agus forbairt leabharlann*
- *Tacaíocht agus comhairle a sholáthar le linn idirbheartaíocht náisiúnta ar shaincheisteanna acmhainní daonna, mar aon le hionadaíocht ghairmiúil agus seirbhísí comhairleacha*
- *Na príomhsheirbhísí a theastaíonn ó Údarás Áitiúil a sholáthar trí mheascán d'eolas earnála, de scileanna teicniúla agus inniúlacht theicniúil agus de bhairinneachtaí scála.*
- *Comhairleacht maidir le saincheisteanna TFC a sholáthar i línte gnó agus seirbhísí comparáideacha in údaráis áitiúla; an bonneagar agus na feidhmchláir a theastaíonn uathu a chur ar fáil; agus gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha a chomhlíonadh chun seirbhísí na hearnála a chothú.*
- *An Oifig um Bainistíocht Rialtais Áitiúil, a bhfuil sé de dhualgas uirthi gníomhaíochtaí a chomhordú idir an rialtas láir, an rialtas áitiúil agus tríú páirtithe eile agus ionadaíocht a dhéanamh don earnáil rialtais áitiúil i raon leathan réimsí beartais a théann i bhfeidhm ar údaráis áitiúla.*

3 Measúnú ar a mhéid atá seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge cheana féin

De bharr chineál a cuid feidhmeanna agus oibre, ní bhíonn an oiread sin teagmhála díri ag an nGníomhaireacht le daoine aonair den phobal. Ní chuireann sí scéimeanna ná seirbhísí ar fáil go díreach nó go hindíreach dóibh ach oiread.

Is amhlaidh, áfach, go gcuireann sí scéimeanna agus seirbhísí ar fáil d'údarás áitiúla. Cé gur ar an bpobal a bhíonn na scéimeanna agus na córais sin dírithe, is é an t-údarás áitiúil a bhíonn freagrach as an tseirbhís a chur ar fáil go díreach nó go hindíreach do dhaoine aonair den phobal. Is ar fáil trí Ghaeilge atá roinnt de na córais reatha atá ar bun ag an nGníomhaireacht agus atá dírithe ar an bpobal.

Ach amháin i gcás doiciméad a fhoilsítear i nGaeilge agus i mBéarla araon faoi alt 10 den Acht, is i mBéarla a sholáthraíonn an Ghníomhaireacht formhór a cuid seirbhísí. Foilsítear doiciméid amhail an Tuarascáil Bhliantúil, Cuntais Airgeadais agus Doiciméid Straitéise i nGaeilge agus i mBéarla araon.

3.1 Doiciméid/seirbhísí nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge

Mar gheall ar a bhfuil i gceist le hobair na Gníomhaireachta, ní thagann sciar suntasach de na doiciméid arna dtairiscint aici faoi raon feidhme scéime faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Tarlaíonn sé sin i gcás doiciméad atá ceaptha lena n-úsáid inmheánach nó atá de chineál teicniúil. Is doiciméid iad sin nach gcuirtear iad ar fáil don phobal ná d'aon aicme den phobal. Mar sin, leanfar le doiciméid den sórt sin a chur ar fáil i mBéarla amháin.

Samplaí de dhoiciméid ón nGníomhaireacht atá de chineál speisialta nó teicniúil agus nach bhfuil ceaptha lena n-úsáid ag an bpobal is ea iarrataí ar dhoiciméid tairisceana agus lámhleabhair threorach teicniúla. Samplaí eile díobh is ea sonraí faoi dhoiciméid inmheánacha arna n-ullmhú ag an nGníomhaireacht.

4 Feabhas a Chur ar na Seirbhísí a Chuirfear ar Fáil go Dátheangach

4.1 Comhfhreagras

Gealltanais	
Is i nGaeilge a rachaidh an Ghníomhaireacht i mbun comhfhreagrais le daoine arb eol dúinn gur fearr leo comhfhreagras a fháil i nGaeilge. Tabharfar ordú don fhoireann taifead a choinneáil de na daoine sin d'fhonn an gealltanais sin a chomhlíonadh.	Éigeantach

4.2 An Suíomh Gréasáin agus an Córas Ríomhphoist

Gealltanais	
Is féidir nascleanúint a dhéanamh ar shuíomh Gréasáin na Gníomhaireachta i nGaeilge agus i mBéarla araon. Cuirtear leagan Gaeilge ar fáil den inneachar statach ar fad atá ar an suíomh Gréasáin.	Éigeantach
Cuireann an Ghníomhaireacht ceanteidil chaighdeánacha agus séanadh caighdeánach ar fáil go dátheangach ar chóras ríomhphoist na Gníomhaireachta.	Éigeantach

4.3 Foilseacháin

De bhreis ar na doiciméid atá faoi raon feidhme alt 10 den Acht, foilseofar an Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí go dátheangach. I gcomhréir leis an dea-chleachtas, beidh gach foilseachán dátheangach ón nGníomhaireacht ar fáil san aon doiciméad amháin.	Éigeantach
I gcás go bhfuil foilseachán le táirgeadh go dátheangach, glactar leis nach bhfuil an doiciméad réidh lena fhoilsiú mura bhfuil an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla araon ar fáil.	Éigeantach
Is i mBéarla agus i nGaeilge ag an aon am amháin a eiseofar aon phreaseisiúintí, bileoga faisnéise agus bróisiúir (atá dírithe ar ghnáthbhaill den phobal) a n-eiseoidh an Ghníomhaireacht iad.	Éigeantach

4.4 Córais TF

Gealltanais	Amscála
<p>Faoi réir saincheisteanna comhoiriúnachta, soláthrófar feidhmeanna i nGaeilge ar iarratas údarás áitiúil agus custaiméirí eile i gcás go bhfuil mór-uasghráduithe á ndéanamh ar chórais atá dírithe ar an bpobal, lena n-áirítear córais idirghníomhacha. Ós rud é gurb é atá i roinnt córas ná córais choibhneasta an-chasta a forbraíodh san eagraíocht thar na blianta agus go bhfuil sé doiligh, costasach agus dian ar acmhainní iad a iarfheistiú, beidh sé riachtanach anailísí tionchair a dhéanamh ar gach uasghrádú.</p>	Ar iarratas
<p>Freastalóidh an Ghníomhaireacht ar údarás áitiúla agus custaiméirí eile a éilíonn go mbeifear in ann aon chórais nua atá dírithe ar an bpobal, lena n-áirítear córais idirghníomhacha, a bhforbróidh an Ghníomhaireacht iad a úsáid chun cumarsáidí atá dírithe ar an bpobal (amhail litreacha, foirmeacha iarratais, etc.) a chur ar fáil ón gcóras i nGaeilge agus i mBéarla araon.</p>	Ar iarratas
<p>Freastalóidh an Ghníomhaireacht ar údarás áitiúla agus ar chustaiméirí eile a éilíonn gur dátheangach a bheidh aon chórais atá dírithe ar an bpobal a bhforbróidh an Ghníomhaireacht iad.</p>	Ar iarratas
<p>Cinnteoigh an Ghníomhaireacht gurb amhlaidh, de réir mar a iarrann ár gcustaiméirí, go sonrófar mar chórais dhátheangacha aon chórais nua atá dírithe ar an bpobal a soláthraíonn 3ú páirtithe iad i gcás go bhfuil siad ar fáil agus i gcomhréir leis na hamscálaí le haghaidh na córais a sholáthar.</p>	Ar iarratas
<p>Cinnteoigh an Ghníomhaireacht go mbeifear in ann Gaeilge a úsáid go hiomlán le gach ríomhaire pearsanta agus printéir a cheannaítear.</p>	Éigeantach

4.5 Modhanna chun Cumarsáid a Dhéanamh leis an bPobal

Gealltanais	Amscála
Freagraíonn an fhoireann fáiltithe a oibríonn an lasc-chlár le hainm na Gníomhaireachta a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla; tá siad eolach ar na bunbheannachtaí i nGaeilge; agus tá socruithe i bhfeidhm le haghaidh glaoiteoirí a aistriú chuig an tseirbhís chuí trí Ghaeilge. Leanfaimid ar aghaidh ag cur breisoiliúint ar fhoireann an lasc-chláir i roinnt scéimeanna.	I bhfeidhm faoi láthair

4.6 Earcaíocht agus Soláthar Foirne

Gealltanais	Amscála
I gcás go meastar scileanna cumarsáide dátheangaí i nGaeilge agus i mBéarla a bheith éigeantach nó inmhianaithe le haghaidh post ar bith, sonrúfar an méid sin sa tsonraíocht poist.	I bhfeidhm faoi láthair
Mar chuid dá n-oiliúint ionduchtúcháin, tabharfar tús eolais do gach ball foirne nua ar an Scéim Teanga agus ar na himpleachtaí atá aici don dóigh a gcomhlíonann siad a gcúraimí.	I bhfeidhm faoi láthair
Tabharfar poiblíocht don fhíríc go bhfuil fáilte roimh chainteoirí Gaeilge, roimh dhaoine a fhéadann cumarsáid dhátheangach a dhéanamh agus roimh chainteoirí Béarla dul isteach san fhórsa saothair, i gcomhréir leis an gcleachtas comhdheiseanna.	I bhfeidhm faoi láthair
Cuirfear rochtain ar ranganna Gaeilge ar fáil do gach ball foirne	I bhfeidhm faoi láthair

5 Feabhas a Chur ar Acmhainn Gaeilge na Gníomhaireachta

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta d'fhorbairt a dhéanamh ar na leibhéil reatha eolais agus inniúlachta atá ar fáil sa Ghníomhaireacht faoi láthair i dtaca le scileanna Gaeilge. Chun leibhéal an tsaineolais ar Ghaeilge atá ag an bhfoireann a dhéanamh amach, rinneadh suirbhé ar an bhfoireann inar iarradh orthu a gcumas chun Gaeilge a scríobh, a léamh agus a labhairt a rátáil. Cé go bhfuarthas freagairt mhór don suirbhé, léiríodh go soiléir ann gur measartha íseal atá an leibhéal reatha inniúlachta atá ann i dtaca le déileáil le saincheistanna riaracháin agus teicniúla trí Ghaeilge.

Beidh sé riachtanach an-chuid oibre a dhéanamh sna blianta romhainn chun an leibhéal eolais agus inniúlachta a ardú i dtaca leis an nGaeilge. An príomh-mhodh a úsáidfear chun feabhas a chur ar an gcumas atá ag an nGníomhaireacht chun níos mó gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge is ea oiliúint a chur ar fhoireann na Gníomhaireachta agus iad a fhorbairt.

Sa chomhthéacs sin agus mar chuid de ghealltanas leanúnach d'oiliúint agus forbairt chuí a chur ar fáil le go mbeidh an fhoireann in ann freastal ar riachtanais athraitheacha chustaiméirí na Gníomhaireachta agus d'acmhainn na foirne a fhorbairt, tá sé beartaithe go ndéanfar na bearta seo a leanas ar fud fhad na scéime reatha:

- Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cabhair do bhaill foirne ar mian leo freastal ar ranganna Gaeilge.
- Cuirfear comhairle ar fáil don fhoireann maidir leis an raon ranganna Gaeilge den chéad scoth atá ar fáil lasmuigh d'uaireanta oifige (i.e. Dioplóma tríú leibhéal i nGaeilge) agus tabharfar tacaíocht airgeadais faoin gClár Cúnaimh Oideachais do na baill foirne atá ag tabhairt faoi chúrsaí den sórt sin.

D'fhonn feabhas a chur ar leibhéal agus caighdeán na seirbhísí a chuireann sí ar fáil go dátheangach don phobal, cuirfidh an Ghníomhaireacht na bearta ginearálta agus sonracha seo a leanas chun feidhme faoi dheireadh na scéime seo:

Tairgfear oiliúint d'fháilteoirí agus d'oibritheoirí lasc-chláir, atá ar an gcéad phointe teagmhála leis an bpobal, le go mbeidh siad in ann ainm na Gníomhaireachta a thabhairt i mBéarla agus i nGaeilge agus le go mbeidh siad eolach ar na bunbheannachtaí i nGaeilge.	I bhfeidhm faoi láthair
Cuirfear 'G' ar na liostaí teileafóin a chuirtear ar fáil d'fháilteoirí agus d'oibritheoirí lasc-chláir in aice le hainm na mball foirne atá sásta déileáil le ceistanna teileafóin i nGaeilge.	I bhfeidhm faoi láthair

5.1 An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Tá an fhoireann eolach go bhfuil de cheangal ar an nGníomhaireacht an scéim seo a chur le chéile faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Cuirfear treoir mhionsonraithe ar fáil dóibh siúd a bhféadfadh go mbeadh orthu bearta Gaeilge a chur chun feidhme. Cuirfear baill foirne ar an eolas faoi na freagrachtaí atá orthu de réir na scéime ar roinnt bealaí éagsúla. Poibleofar an scéim seo laistigh den Gníomhaireacht agus lasmuigh di araon. Déanfar amhlaidh ar dtús trí phreaseisiúint a eisiúint. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh Gréasáin agus scaipeadh é ar an bhfoireann ar fad agus ar ghníomhaireachtaí iomchuí. D'fhéadfadh go mbainfí úsáid as modhanna eile chun an scéim a phoibliú, mar shampla:

- **Seoladh Oifigiúil**
- **Na forálacha a fhógairt**

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.